EFEE

CÓNAIDHM EORPACH NA bhFOSTÓIRÍ OIDEACHAIS - EFEE

COISTE EORPACH NA gCEARDCHUMANN UM OIDEACHAS (ETUCE) – COMITE SYNDICAL EUROPEEN DE L'EDUCATION

ETUCE CSEE

**Comhráiteas ETUCE/EFEE maidir le**

**Acmhainneacht Idirphlé Sóisialta Earnála na hEorpa san Oideachas a Chur chun cinn**

D'obair Comhpháirtithe Sóisialta Eorpacha san Oideachas, EFEE (Cónaidhm Eorpach na bhFostóirí Oideachais) agus ETUCE (Coiste Eorpach na gCeardchumann um Oideachas), as láimh a chéile le linn na mblianta 2014-2016 ar an tionscadal "*Comhpháirtithe Sóisialta Eorpacha in Earnáil an Oideachais ag cur chun cinn acmhainneacht a gcuid idirphlé trí aistriú eolais agus oiliúint. Forbairt acmhainní ESSDE II"*. Tacaíonn an Coimisiún Eorpach leis an obair sin tríd an líne buiséid 'Idirphlé Sóisialta agus Caidrimh Tionscail' (VS/2015/0032). Agus iad tiomanta chun caighdeán agus éifeachtacht a gcuid idirphlé a fheabhsú, bhain Comhpháirtithe Sóisialta Eorpacha san Oideachas leas as an taithí a fuarthas le linn an chéad chomhthionscadail acu ar an ábhar "*Acmhainneacht idirphlé sóisialta earnála na hEorpa san oideachas a chur chun cinn trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua agus taithí agus eolas a fhiosrú,* in 2013-2014.

Is é is aidhm leis na comhghníomhaíochtaí forbartha acmhainne ná idirphlé sóisialta láidir éifeachtúil a fhorbairt chun leasa na ndaoine a oibríonn in institiúidí oideachais ar gach leibhéal oideachais agus chun neasa na ndaltaí agus na mac léinn. Ag aithint an chomhdúshláin chun idirphlé sóisialta a chur chun cinn ar bhonn comhpháirtíocht shóisialta láidir, d'aontaigh EFEE agus ETUCE go ndíreodh siad go sonrach ar chumas na gcomhpháirtithe sóisialta a threisiú sna tíortha nach bhfuil traidisiún idirphlé shóisialta láidir iontu, agus/nó ina bhfuil brú faoi leith ar idirphlé sóisialta in earnáil an oideachais de bharr na géarchéime eacnamaíochta.

Sna tionscnamh dhá thionscadail, d'aithin EFEE agus ETUCE an géarghá chun acmhainní ESSDE a chur chun cinn agus idirphlé sóisialta a fheabhsú tuilleadh ar leibhéal Eorpach agus náisiúnta d'fhonn:

- **Eolas agus tuiscint a fheabhsú** maidir le coincheap an Idirphlé Shóisialta Eorpaigh, ar cuid thábhachtach é den Mhúnla Sóisialta Eorpach; agus saintréithe na múnlaí éagsúla sóisialta ar fud na hEorpa, ar bhonn traidisiún agus inniúlachtaí náisiúnta;

- **Ionadaíocht a fheabhsú** – Tá ionchais níos fearr maidir le hacmhainn na gcomhpháirtithe sóisialta earnála san Eoraip ag brath ar dhlisteanacht na bpáirtithe atá rannpháirteach sa phróiseas – ní mór dul i gcomhairle leo, dul i mbun idirbheartaíochta leo chun teacht ar chomhaontú, agus ní mór dóibh a bheith páirteach i gceapadh beartais agus dlí. Tá EFEE agus ETUCE ag obair leo chun cothromaíocht a fheabhsú maidir leis an leibhéal ionadaíochta sa Choiste ESSDE;

- **Cumarsáid agus naisc a fheabhsú** – Tá todhchaí an Idirphlé Shóisialta san Oideachas ar an leibhéal Eorpach ag brath go mór ar chumas EFEE agus ETUCE scaipeadh faisnéise agus an leibhéal comhoibrithe a mhéadú idir eagrais Eorpacha agus eagrais náisiúnta. Tá na comhpháirtithe sóisialta tiomanta chun tacaíocht a thabhairt dá mballeagraíochtaí náisiúnta agus riachtanais a gcleamhnaithe a chur in iúl, d'fhonn a chinntiú go bhfuil na ceisteanna tábhachtacha ar an leibhéal náisiúnta á bplé sa Choiste um Idirphlé Sóisialta Earnála na hEorpa;

- **Neamhspleáchas a fheabhsú** – Aithnítear go forleathan go bhfuil sé de thoradh ar an ngéarchéim eacnamaíochta agus srianta buiséid i roinnt Ballstát den AE go bhfuiltear ag dul i dtreo cinntí a ghlacadh go haontaobhach, rud a théann chun dochar neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, go háirithe san earnáil phoiblí. Tráth a bhfuil dúshláin mhóra roimh an Eoraip agus na Ballstáit, tá Comhpháirtithe Sóisialta na hEorpa go léir tiomanta chun an prionsabal a chur chun cinn go bhfuil idirphlé sóisialta éifeachtach ina réamhriachtanas chun an ceann is fearr a fháil ar éifeachtaí na géarchéime eacnamaíochta agus daonlathas na n-athchóirithe agus na mbeart reachtaíochta, a théann i bhfeidhm ar an timpeallacht oideachais, a chur chun cinn.

Chuige sin, geallann Comhpháirtithe Sóisialta Oideachais na hEorpa:

- Obair an Idirphlé Shóisialta Eorpaigh a chur chun cinn tuilleadh go ginearálta, go háirithe an ESSDE, trí fhorbairt a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta, trí leanúint de chaidreamh a chothú leis na comhpháirtithe náisiúnta/áitiúla, trí shaineolas agus comhordú idir na leibhéil éagsúla a fheabhsú, faisnéis a chomhroinnt agus foghlaim ó phiaraí, agus cumarsáid a fheabhsú idir na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha agus náisiúnta in earnáil an oideachais;
- Leas a bhaint as na deiseanna a ghabhann leis an bpróiseas Eorpach chun an tIdirphlé Sóisialta a athsheoladh agus Clár Oibre ESSDE chun an idirphlé agus caighdeán na díospóireachta a fheabhsú, lena n-áirítear mar chuid de phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh;
- Leanúint dá mball a mhealladh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus tionscadail forbartha acmhainne d'fhonn:
  - Idirphlé sóisialta in earnáil an oideachais a chur chun cinn ar bhonn spriocanna soiléire, comhiontaoibh, cóimheas agus comhoibriú;
  - Cuimsiú agus ionadaíocht Choiste ESSDE a threisiú;
  - Rannchuidiú chun tacú agus taobhú leis an idirphlé sóisialta náisiúnta agus cómhargáil in earnáil an oideachais;

- Rannchuidiú leis an réimse leathan tionscnamh beartais Eorpaigh a bhfuil tionchar acu ar an earnáil oideachais trí aghaidh a thabhairt ar na téarmaí a aontaíodh i gClár Oibre ESSDE 2016-2017 go comhpháirteach.

- An ráiteas sin a chur chun cinn go gníomhach ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus i struchtúir réigiúnacha na hearnála oideachais.

Tugann Comhpháirtithe Sóisialta Oideachais na hEorpa cuireadh don Choimisiún Eorpach cabhrú leis na Ballstáit idirphlé sóisialta éifeachtach san oideachas a chur chun feidhme agus a mhonatóiriú; chun rannpháirtíocht na gComhpháirtithe Sóisialta in Earnáil Oideachais (na hEorpa) a chinntiú i gceapadh beartas.

Glacadh an dearbhú seo i lánchruinniú Idirphlé Sóisialta Earnála na hEorpa san Oideachas (ESSDE) an 8 Samhain 2016.

An Bhruiséil, an 8 Samhain 2016

Daniel Wisniewski
Ard-Rúnaí
EFEE

Martin Rømer
Stiúrthóir Eorpach
ETUCE

Buntéacs i mBéarla